

**Polasaí Iontrála Gaelscoil na Camóige**  
*Admission Policy*

**Seoladh na Scoile: Bóthar an Úlloird, Cluain Dolcáin, BÁC 22**  
*School Address*

**Uimhir rolla: 19991A**  
*Roll Number*

**Pátrún na Scoile: An tArdeaspag Diarmuid Ó Máirtín, Ardeaspag  
Bhaile Átha Cliath,**  
*School Patron : Archbishop Diarmuid Martin, Archbishop of Dublin*

**1. Réamhrá**  
***Introduction***

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

*This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the board of management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.*

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 19ú Lúnasa 2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é. *The policy was approved by the school patron on 19<sup>th</sup> of August 2020. It is published on the school's website and will be made available in hardcopy, on request, to any person who requests it.*

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Gaelscoil na Camóige leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

*The relevant dates and timelines for Gaelscoil na Camóige admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.*

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hIontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

*This policy must be read in conjunction with the annual admission notice for the school year concerned.*

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

*The application form for admission is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it.*

## **2. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile.**

### ***Characteristic spirit and general objectives of the school.***

Is bunscoil Chaitliceach í Gaelscoil na Camóige ina chuirtear fáilte roimh gach páiste cuma cén cúlra teanga, sóisialta nó creidimh atá acu, cuma cén náisiúntacht iad nó cén riachtanas speisialta oideachais nó míchumas fisiciúil atá orthu. Bunaíodh Gaelscoil na Camóige le freastal a dhéanamh ar thuismitheoirí an cheantair a bhí ag éileamh bunoidreachais Lán-Ghaeilge dá bpáistí.

*Gaelscoil na Camóige is a Catholic primary school where all children irrespective of linguistic, social, religious background; nationality, special educational need or physical disability, are welcome. Gaelscoil na Camóige was founded to serve parents in the area who wished their children to be educated through the medium of Irish.*

Aithnítear cearta tuismitheoirí a bpáistí a chlárú in a rogha scoile, ach tá Bord Bainistíochta Gaelscoil na Camóige freagrach freisin as cearta phobal na scoile trí chéile, agus go háirithe cearta pháistí na scoile atá cláraithe cheana féin. Éilíonn sé seo breith chóir chothrom faoi réir ag prionsabail an dlí nádúrtha ag cur leas na bpáistí ar fad san áireamh. Ag tacú leis an scoil i gcúinsí den chineál seo, tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid líon na bpáistí in aon rang ar leith a leagan síos.

*While recognising the right of parents to enrol their child in the school of their choice, the Board of Management of Gaelscoil na Camóige must also respect the rights of the existing school community and in particular, the children already enrolled. This requires balanced judgements, which are guided by the principles of natural justice and acting in the best interest of all children. Assisting the school in such circumstances, the Board of Management reserves the right to determine the maximum number of children in each separate class*

Cuirtear leas an pháiste aonair chun tosaigh i gcónaí agus is i gcuideachta a thuismitheoirí a thugaimid faoina oiliúint agus faoina oideachas. Díritear ar na buanna atá ag an bpáiste a fhorbairt chomh fada agus is féidir.

*The individual child's well-being always takes precedent and school and parents work hand in hand to educate the child. Every effort is made to develop the child's talents as far as is possible.*

Leagtar béim ar obair thairbheach, leanúnach. Tugtar faoi dhea-scileanna sóisialta, caighdeán ard móráltachta agus réimse leathan de scileanna acadúla, praiticiúla agus caithimh aimsire a mhúineadh dó. Agus sin uilig trí mhéan na Gaeilge.

*Emphasis is placed on continuous, worthwhile work. We undertake to teach the child good social skills, a high moral standard, a wide range of academic and practical skills and pastimes. And all of those through the medium of the Irish language.*

Déantar iarracht cumas labhartha agus scríofa na teanga Gaeilge a thabhairt don pháiste

go nádúrtha ionas go mbeidh sé/sí ábalta é/í féin agus gach is spéis leis/léi a chur in iúl go héifeachtach.

*We endeavour to give the child a natural facility in both spoken and written Gaelge so that he/she can effectively express himself/herself and all that interests him/her.*

Ar ghlacadh áite dá bpáiste sa scoil, iarrtar ar thuismitheoirí geallúint a shíniú go dtacóidh siad leis an scoil Riail na Gaeilge agus an Cód Iompair a chur i bhfeidhm.

*By accepting a place for their child in the school, parents are requested to sign an agreement to support the school in implementing Riail na Gaeilge and the Code of Behaviour.*

### **3. Ráiteas maidir le hIontráil**

#### ***Admission Statement***

Ní dhéanfaidh Gaelscoil na Camóige idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

*Gaelscoil na Camóige will not discriminate in its admission of a student to the school on any of the following:*

- (a) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,  
*the gender ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- (b) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,  
*the civil status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- (c) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,  
*the family status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- (d) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,  
*the sexual orientation ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- (e) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,  
*the religion ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- (f) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,  
*the disability ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- (g) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,  
*the ground of race of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- (h) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó  
*the Traveller community ground of the student or the applicant in respect of the student concerned, or*
- (i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.  
*the ground that the student or the applicant in respect of the student concerned has special educational needs*

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar 'foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

*As per section 61 (3) of the Education Act 1998, 'civil status ground', 'disability ground', 'discriminate', 'family status ground', 'gender ground', 'ground of race', 'religion ground', 'sexual orientation ground' and 'Traveller community ground' shall be construed in accordance with section 3 of the Equal Status Act 2000*

Is scoil arb é an cuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna Caitliceacha chun cinn í Gaelscoil na Camóige agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás nuair a dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach Caitliceach é/í agus cruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

*Gaelscoil na Camóige is a school whose objective is to provide education in an environment which promotes Catholic values and does not discriminate where it admits a non Catholic student in preference to others and it is proved that the refusal is essential to maintain the ethos of the school.*

#### **4. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil**

##### ***Categories of Special Educational Needs catered for in the school/special class***

Ní scoil speisialta ná scoil phríomhshrutha a bhfuil rang RSO ceangailte léi í Gaelscoil na Camóige.

*Gaelscoil na Camóige is not a Special School or a mainstream school with a special class attached.*

Is iad an múinteoir ranga agus an fhoireann Oideachais Speisialta a fhreastalaíonn ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

*Pupils with Special Educational Needs (SEN) are catered for by their mainstream class teacher with the support of the Special Education Team'.*

Tabharfar acmhainní do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus atá ag clárú do Ghaelscoil na Camóige de réir an leibhéil acmhainní a cheadaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna.

*Children with special needs enrolling in Gaelscoil na Camóige will be provided with resources in accordance with the level of resources provided by the Department of Education and Skills*

Féadfaidh an Bord Bainistíochta cóip de thuairisc leighis agus / nó uairisc shíceolaíochta an pháiste a iarraidh nó féadfaidh sé iartras a dhéanamh go ndéanfaí measúnú ar an bpáiste láithreach a bheadh ina chabhair don scoil riachtanais oideachais an pháiste agus na seirbhísí tacaíochta a bheadh de dhíth a mheas. Déanfaidh an Bord Bainistíochta a dhícheall na hacmhainní agus tacaíochtaí a bheith i bhfeidhm sula bhfreastalóidh an páiste ar an scoil. Áirítear leis seo, múinteoir oideachais speisialta, cúntóirí riachtanais speisialta etc; saintrealamh nó troscán speisialta, seirbhísí taistil etc.

*The Board of Management may request a copy of the child's medical and/or psychological report or may request that the child be assessed immediately in order to assist the school in establishing the educational needs of the child and to profile the support services required. The Board of Management will endeavour to have all resources and support in place before the child is admitted to the school. This may include the special education teacher, special needs assistants etc, specialised equipment or furniture, transport services etc.*

Tionólfar cruinniú le húdaráis na scoile agus tuismitheoirí an pháiste a bhfuil riachtanais speisialta aige nó aici agus pléifear oiriúnacht na scoile don pháiste. . D'fhéadfadh cáschruinniú a eagrú ina bhfreastalóidh tuismitheoirí, múinteoir ranga, múinteoir oideachais speisialta, síceolaí, nó oibríthe sóisialta de réir mar is cuí.

*The school authorities will meet with the parents of the special needs child to discuss the school's suitability for the child. If necessary a full case conference may be called including parents, class teacher, special education teacher, resource teacher and psychologist or social workers as appropriate.*

## **5. Daltaí a Ligean Isteach.**

### ***Admission of Students.***

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

*This school shall admit each student seeking admission except where –*

- a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach [alt 6](#) thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)  
*the school is oversubscribed (please see [section 6](#) below for further details)*
- b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhu i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin.  
*a parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student.*

## **6. Ró-iarratas**

### ***Oversubscription***

*Aithnítear cearta tuismitheoirí a bpáistí a chlárú in a rogha scoile, ach tá Bord Bainistíochta Gaelscoil na Camóige freagrach freisin as cearta phobal na scoile trí chéile, agus go háirithe cearta pháistí na scoile atá cláraithe cheana féin. Éilíonn sé seo breith chóir chothrom faoi réir ag prionsabail an dlí nádúrtha ag cur leas na bpáistí ar fad san áireamh. Ag tacú leis an scoil i gcúinsí den chineál seo, tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid líon na bpáistí in aon rang ar leith a leagan síos.*

## Polasaí Iontrála Gaelscoil na Camóige 2020

*While recognising the right of parents to enrol their child in the school of their choice, the Board of Management of Gaelscoil na Camóige must also respect the rights of the existing school community and in particular, the children already enrolled. This requires balanced judgements, which are guided by the principles of natural justice and acting in the best interest of all children. Assisting the school in such circumstances, the Board of Management reserves the right to determine the maximum number of children in each separate class.*

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar sna Naíonáin Shóisireacha agus Shinsearacha ná 30.

*The maximum number of children in Junior and Senior Infants will be 30.*

Is é uasmhéid líon na ndaltaí a cheadófar in aon rang-leibhéal Rang 1-6 ná 31

*The maximum number of students at any level in Rang 1 – Rang 6 will be 31.*

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos, maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

*In the event that the school is oversubscribed, the school will, when deciding on applications for admission, apply the following selection criteria in the order listed below to those applications that are received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's annual admission notice:*

### **Naíonáin Shóisireacha Junior Infants**

**Glacfar le hiarratais do pháistí a bheidh 4 bliana d'aois, ar a laghad, roimh an 1 Meán Fómhair don bhliain iarratais.**

**Applicants for Junior Infants must be 4 years of age before the 1<sup>st</sup> September for the year for which they are applying.**

I gcás ró-éilimh, is mar seo a dháilfear na háiteanna:

*In case of excess demand, this is how places will be allocated:*

Is mar seo a chuirfear hiarratasóirí sin in ord. Cuifear na hiarratasóirí i ngach fo-chatagóir thíos in ord de réir aois an dalta.

#### **Roinn 1**

**Páistí a bheidh 4 bliana d'aois slánaithe acu roimh an 1 Aibreán den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg acu sa scoil agus a bhfuil foirm iarratais faighte ag an scoil roimh an dáta deireannach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil .Children who will be 4 years of age before 1<sup>st</sup> April in the year for which they are applying for a place and whose applications were received by the school in the timeframe outlined in our Annual Admission Notice.**

- a. Siblín dhalta atá ag freastal ar an scoil faoi láthair, siblín iardhaltaí a d'fhreastail ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad nó páistí mhúinteoirí

## Polasaí Iontrála Gaelscoil na Camóige 2020

buan na scoile.

*A sibling of a pupil who is attending the school at present or of a pastpupil who attended the school for at least two years or children of permanent teachers in the school.*

- b. Páistí atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath 22, a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán Ghaeilge.

*Children who reside in Dublin 22, and have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.*

- c. Páistí atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath 22, nach bhfuil leibhéal líofachta acu.

*Children who reside in Dublin 22 and have not attained a level of fluency in the Irish Language.*

- d. Páistí nach gcónaíonn i mBaile Átha Cliath 22, a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán Ghaeilge.

*Children who do not reside in Dublin 22, and have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.*

- e. Iarratasóirí eile.

*Other applicants.*

*In the event of spaces remaining applicants from Section 2 will then be considered*

### **Roinn 2**

**Páistí a bheidh 4 bliana d'aois slánaithe acu tar éis an 31 Márta ach roimh an 1 Meitheamh** den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg acu sa scoil agus a bhfuil foirm iarratais faighte ag an scoil roimh an dáta deireannach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil . *Children who will be 4 years of age after 31 March but before 1<sup>st</sup> June in the year for which they are applying for a place and whose applications were received by the school in*

*the timeframe outlined in our Annual Admission Notice.*

- f. Siblín dhalta atá ag freastal ar an scoil faoi láthair, siblín iardhaltaí a d'fhreastail ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad nó páistí mhúinteoirí buan na scoile.  
*A sibling of a pupil who is attending the school at present or of a past pupil who attended the school for at least two years or children of permanent teachers in the school.*
- g. Páistí atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath 22, a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán Ghaeilge.  
*Children who reside in Dublin 22, and have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.*
- h. Páistí atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath 22, nach bhfuil leibhéal líofachta acu.  
*Children who reside in Dublin 22 and have not attained a level of fluency in the Irish Language.*
- i. Páistí nach gcónaíonn i mBaile Átha Cliath 22, a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán Ghaeilge.  
*Children who do not reside in Dublin 22, and have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.*
- j. Iarratasóirí eile.  
*Other applicants.*

**Roinn 3**

**Páistí a bheidh 4 bliana d'aois slánaithe acu tar éis an 1 Meitheamh ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg acu sa scoil agus a bhfuil foirm iarratais faighte ag an scoil roimh an dáta deireannach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil .Children who will be 4 years of age after 1st June but before 1<sup>st</sup> September in the year for which they are applying for a place and whose applications were received by the school in the timeframe outlined in our Annual Admission Notice.**



- k. Siblín dhalta atá ag freastal ar an scoil faoi láthair, siblín iardhaltaí a d'fhreastail ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad nó páistí mhúinteoirí buan na scoile.  
*A sibling of a pupil who is attending the school at present or of a past pupil who attended the school for at least two years or children of permanent teachers in the school.*
- l. Páistí atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath 22, a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán Ghaeilge.  
*Children who reside in Dublin 22, and have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.*
- m. Páistí atá ina chónaí i mBaile Átha Cliath 22, nach bhfuil leibhéal líofachta acu.  
*Children who reside in Dublin 22 and have not attained a level of fluency in the Irish Language.*
- n. Páistí nach gcónaíonn i mBaile Átha Cliath 22, a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán Ghaeilge.  
*Children who do not reside in Dublin 22, and have attained a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school.*
- o. Iarratasóirí eile.  
*Other applicants.*

#### **Roinn 4**

#### **Iarratais dhéanacha.**

**Nóta:** Sa chás gur mian le tuismitheoirí go n-áireofaí a bpáiste mar pháiste a bhfuil leibhéal líofachta sroichte aige/ aici sa Ghaeilge tabharfar cuireadh don tuismitheoir

fianaise a chur ar fáil chun an líofacht sin a léiriú d'ionadaithe an Bhoird Bainistíochta. Samplaí den fhianaise seo ná taispeántas den Ghaeilge, litir ón Naíonra, cuairt chuig an Múinteoir ranga srl.. Is gá an fhianaise sin a chur ar fáil leis an iarratas

*Where parent wish their child to be considered under the 'level of fluency in the Irish language' provision above, that parent is invited to provide evidence to prove/ display the fluency to the Board of Management's representatives. Examples of evidence could be a demonstration of Irish, a letter from a Naíonra, a visit to the class teacher etc. This evidence must be provided with the application.*

**Muna nglactar leis an bhfianaise cuirfear an páistí i gcatagóir eile, de réir mar is cuí. Is féidir achomharc i scríbhinn/ríomhphost a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta laistigh de sheachtain amháin ón gcinneadh a fháil. Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deireannach. Ní cheadófar fianaise nua a sholáthair i gcás athchomhairc.**

*If the evidence provided is not deemed sufficient, the applicant will be placed in another category according to the Enrolment Policy. An appeal may be made by email to the Board of Management within three working days/ a week of receiving the decision. The Board of Management's decision will be final. New evidence of fluency will not be accepted.*

Má ghlactar leis an bhfianaise, ach go mbeartaíonn an tuismitheoir an páiste a chur siar go dtí Liosta Iarrthóirí na bliana ina dhiaidh sin, ní bheidh gá fianaise a chur ar fáil arís don leibhéal líofachta sa Ghaeilge.

*In cases whereby the evidence is sufficient and a parent opts to withdraw their application until the following year the evidence will not be required for that year*

Más mó líon na n-iarratas in aon chatagóir ná líon na spásanna ar fáil don chatagóir sin, cuirfear na hiarrthóirí go léir sa chatagóir sin in ord de réir aoise.

*Where the number of applicants is too high in the categories above they will be listed according to age.*

Sa chás go bhfuil beirt nó níos mó ar comhaois in aon chaitigóir roghnúcháin (gur mó líon na n-iarratas ná líon na spásanna atá fós ar fáil) cuirfear crannchur ar na hainmneacha sin. Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí nó caomhnóirí freastal ar an gcrannchur. Sa chás nach bhfuil tuismitheoirínó csaomhnóirí ar fáil beidh cead acu duine eile a ainmniú le freastal ina n-áit. Déanfaidh breathnóir neamhspleách maoirseacht ar an gcrannchur.

*In the event that there are two or more students tied for a place or places in any of the selection criteria categories above (the number of applicants exceeds the number of remaining places), names will be placed in a raffle. Parents/Guardians will be invited to attend the draw. If a parent/ guardian is unable to attend they may nominate someone to attend in their place. The draw will be overseen by an independent observer.*

